ELeathanach 427

Dé Luain, an 12 Nollaig 2022

Bainigí taitneamh as an mbriseadh.

Beidh an Eleathanach ar ais arís ar an 16 Eanáir 2023

Junior Eurovision 2022

Bíonn an clár *Junior Eurovision* ar TG4 gach bliain chun amhránaí a roghnú don chomórtas Eorpach. I mbliana, den chéad uair, bhí deis ag muintir na tíre votáil chun iomaitheoir na bliana a roghnú.

Bhuaigh Sophie Lennon an comórtas ar TG4 i mbliana. Is as Contae an Dúin í.

Dé Domhnaigh, an 11 Nollaig, bhí an comórtas Eorpach ar siúl san Airméin. Ghlac seisear déag páirt sa chomórtas ó thíortha ar fud na hEorpa.

Chan Sophie an t-amhrán *Solas*. Is amhrán Gaeilge é. Is féidir eolas a fháil faoin gcomórtas agus faoin mbuaiteoir ar shuíomh *Junior Eurovision*.

Puimcín ollmhór deartha mar éan!

D'fhás Travis Gienger puimcín ollmhór agus rinne sé an *Jack O Lantern* is troime as an bpuimcín. Is as Minnesota do Travis.

Bhuaigh sé an comórtas don phuimcín is troime sa chomórtas *49th Safeway World Championship Pumpkin Weigh-Off* i gCalifornia le déanaí.

Bhí siad an-chúramach ag bogadh an phuimcín ar ais go Minnesota, níos mó ná 3,000 km ón gcomórtas! Ansin d'iarr Travis ar chara é a dhearadh i gcruth éin.

Ba mhaith le daoine go bhfaigheadh an puimcín curiarracht domhanda don *Jack O Lantern* is troime ar domhan! Feicfimid an éireoidh leis.

An rud is annamh is iontach!

Le déanaí bhí eolaithe ar oileán Fergusson i Nua-Ghuine Phapua. Bhí siad ar thuras chun teacht ar éan nach raibh feicthe ag duine ar bith le 140 bliain anuas.

Bhí na heolaithe ar tí deireadh a chur leis an gcuardach nuair a tháinig iontas ar an leas-cheannaire Jordan Boersma!

Thug sé faoi deara go raibh an t-éan le feiceáil ar cheann de na ceamaraí a chuir siad ann agus bhí a eireaball le feiceáil ag bogadh sna híomhánna! Dúirt Jordan go raibh sé thar a bheith bródúil as an obair ar fad a rinne na heolaithe!